RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/564 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Samhain 2021

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le liosta tionscadal leasa choitinn an Aontais

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagair thras-Eorpaigh fuinnimh agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1364/2006/CE agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 713/2009, Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 bunaítear creat chun tionscadail leasa choitinn a shainaithint, a phleanáil agus a chur chun feidhme, ar tionscadail iad atá de dhíth chun na naoi gconair thosaíochta straitéiseacha maidir le bonneagar geografach fuinnimh a shainaithnítear i réimsí an leictreachais, an gháis agus na hola a chur chun feidhme, agus chun na trí réimse tosaíochta bonneagair fuinnimh uile-Aontais le haghaidh eangacha cliste, mórbhealaí leictreachais agus gréasáin iompartha dé-ocsaíde carbóin a chur chun feidhme.

(2) Bunaítear liosta na dtionscadal leasa choitinn gach 2 bhliain. In 2019 a bunaíodh an liosta is déanaí agus tháinig sé i bhfeidhm in 2020. Dá bhrí sin, is gá é a ionadú.

(3) Rinne na grúpaí réigiúnacha dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 measúnú ar thionscadail atá beartaithe lena gcur ar liosta an Aontais agus dheimhnigh siad go gcomhlíontar leo na critéir a leagtar síos in Airteagal 4 den Rialachán sin.

(4) Chomhaontaigh na grúpaí réigiúnacha na dréachtliostaí réigiúnacha de thionscadail leasa choitinn ag cruinnithe ar an leibhéal teicniúil. Chomhaontaigh an Grúpa Réigiúnach um ola gan dréachtliosta de thionscadail ola a chur ar aghaidh lena gcuimsiú i liosta tionscadal leasa choitinn an Aontais i bhfianaise spriocanna aeráide an Aontais agus i bhfianaise an chuspóra maidir le neodracht ó thaobh carbóin de. Tar éis na dtuairimí ón nGníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ("ACER") an 27 Deireadh Fómhair maidir le cur i bhfeidhm comhsheasmhach na gcritéar measúnaithe agus an mheasúnaithe costais is tairbhe ar fud na réigiún, ghlac comhlachtaí cinnteoireachta na ngrúpaí réigiúnacha na liostaí réigiúnacha an 9 Samhain. De bhun Airteagal 3(3) pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 347/2013, sular glacadh na liostaí réigiúnacha, d'fhormheas na Ballstáit na tionscadail uile a bhí beartaithe agus a bhain lena gcríoch.

(5) Chuathas i gcomhairle le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear táirgeoirí, oibreoirí córas dáileacháin, soláthróirí, agus eagraíochtaí cosanta tomhaltóirí agus comhshaoil maidir leis na tionscadail atá beartaithe a chur ar liosta an Aontais.

(6) Ba cheart tionscadail leasa choitinn a liostú de réir tosaíochtaí bonneagair fuinnimh straitéiseacha tras-Eorpacha san ord a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 347/2013.

(7) Ba cheart tionscadail leasa choitinn a liostú mar thionscadail neamhspleácha leasa choitinn nó mar chuid de bhraisle de roinnt tionscadail leasa choitinn toisc iad a bheith idirspleách nó toisc (go mb'fhéidir) go mbeadh siad in iomaíocht le chéile.

(8) Tá tionscadail ag céimeanna éagsúla dá bhforbairt ar liosta an Aontais, lena n-áirítear réamh-indéantacht, indéantacht, deonú ceadanna agus tógáil. I gcás tionscadail leasa choitinn ag céim luathfhorbartha, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le staidéir chun inmharthanacht theicniúil agus eacnamaíoch agus comhlíonadh reachtaíocht an Aontais a léiriú, lena n-áirítear reachtaíocht chomhshaoil. Sa chomhthéacs sin, ba cheart tionchair dhiúltacha fhéideartha ar an gcomhshaol a shainaithint, a mheasúnú agus a sheachaint nó a mhaolú go leormhaith.

([1]) IO L 115, 25.4.2013, lch. 39.

(9) Tá cuimsiú tionscadal ar liosta an Aontais gan dochar do thoradh an mheasúnaithe ábhartha comhshaoil agus an nós imeachta um chead.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Samhain 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 347/2013:

"IARSCRÍBHINN VII

LIOSTA TIONSCADAL LEASA CHOITINN AN AONTAIS ("LIOSTA AN AONTAIS"),

dá dtagraítear in Airteagal 3(4)

A. **PRIONSABAIL A CHUIRTEAR I BHFEIDHM AGUS LIOSTA AN AONTAIS Á BHUNÚ**

(1) **Braislí tionscadal leasa choitinn**

Tá roinnt tionscadail leasa choitinn mar chuid de bhraisle toisc go bhfuil siad idirspleách, go bhféadfadh siad a bheith in iomaíocht le chéile nó go bhfuil siad in iomaíocht le chéile. Leagtar síos na cineálacha braislí tionscadal leasa choitinn seo a leanas:

a) mar seo a shainítear **braisle tionscadal leasa choitinn idirspleách** "Braisle X, lena n-áirítear na tionscadail leasa choitinn seo a leanas:". Bunaíodh braisle den sórt sin chun tionscadail leasa choitinn a shainaithint ar tionscadail iad a bhfuil gá leo go léir chun aghaidh a thabhairt ar an scrogall céanna thar theorainneacha tíre agus chun sineirgí a sholáthar ach iad a chur chun feidhme le chéile. Sa chás sin, ní mór na tionscadail leasa choitinn uile a chur chun feidhme chun na tairbhí uile-Aontais a bhaint amach;

b) mar seo a shainítear **braisle tionscadal leasa choitinn a d'fhéadfadh a bheith in iomaíocht le chéile** "Braisle X, lena n-áirítear tionscadal amháin nó níos mó de na tionscadail leasa choitinn seo a leanas:". Le braisle den sórt sin léirítear éiginnteacht maidir le méid an scrogaill thar theorainneacha tíre. Sa chás sin, ní gá na tionscadail leasa choitinn uile a áirítear sa bhraisle a chur chun feidhme. Fágtar faoin margadh cinneadh a dhéanamh an bhfuil tionscadal amháin, roinnt tionscadal nó gach tionscadal leasa choitinn le cur chun feidhme, faoi réir formheas pleanála, ceada agus rialála is gá. Déanfar athmheasúnú ar an ngá atá le tionscadail leasa choitinn, lena n-áirítear maidir leis na riachtanais acmhainne, i bpróiseas sainaitheanta tionscadal leasa choitinn ina dhiaidh sin; agus

c) mar seo a shainítear **braisle tionscadal leasa choitinn atá in iomaíocht le chéile** "Braisle X, lena n-áirítear tionscadal amháin nó níos mó de na tionscadail leasa choitinn seo a leanas:". Tugtar aghaidh ar an scrogall céanna le braisle den sórt sin. Mar sin féin, is cinnte méid an scrogaill ná i gcás braisle tionscadal leasa choitinn a d'fhéadfadh a bheith in iomaíocht le chéile, agus dá bhrí sin ní gá ach an t-aon tionscadal leasa choitinn amháin a chur chun feidhme. Fágtar faoin margadh cinneadh a dhéanamh cén tionscadal leasa choitinn atá le cur chun feidhme, faoi réir formheas pleanála, ceada agus rialála is gá. I gcás inar gá, déanfar athmheasúnú ar an ngá atá le tionscadail leasa choitinn i bpróiseas sainaitheanta tionscadal leasa choitinn ina dhiaidh sin.

Tá gach tionscadal leasa choitinn faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí céanna arna mbunú faoi Rialachán (AE) Uimh. 347/2013.

(2) **I gcás fostáisiún agus stáisiúin chomhbhrú**

Meastar fostáisiúin agus stáisiúin tiontaithe leictreachais agus stáisiúin comhbhrúite gáis a bheith ina gcodanna de thionscadail leasa choitinn má tá suíomh geografach acu ar línte tarchuir. Meastar gur tionscadail leasa choitinn neamhspleácha iad fostáisiúin, stáisiúin tiontaithe leictreachais agus stáisiúin chomhbhrú agus liostaítear go sainráite ar liosta an Aontais iad más difriúil a suíomh geografach le línte tarchuir. Tá siad faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 347/2013.

(3) **Tionscadail a meastar nach tionscadail leasa choitinn a thuilleadh iad agus tionscadail dá ndearnadh cuid de thionscadail leasa choitinn eile**

a) Meastar nach tionscadail leasa choitinn a thuilleadh iad roinnt tionscadal atá ar liosta an Aontais a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1391/2013, Rialachán (AE) 2016/89, Rialachán (AE) 2018/540 agus Rialachán (AE) 2020/389 ar cheann amháin nó ar bhreis agus ceann amháin de na cúiseanna seo a leanas:

— gur coimisiúnaíodh an tionscadal cheana féin nó go gcoimisiúnófar é faoi mhí an Mhárta 2022 agus mar sin de nach rachadh forálacha Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 chun tairbhe dó;

— nach gcomhlíontar na critéir ghinearálta leis an tionscadal de réir sonraí nua;

— nach ndearna tionscnóir an tionscadal a chur isteach arís sa phróiseas roghnúcháin le haghaidh liosta seo an Aontais;

— nár thug Ballstát, a mbaineann an tionscadal lena críoch, a fhormheas; nó

— gurb ísle a rangaíodh an tionscadal ná tionscadail leasa choitinn eile is iarrthóirí sa phróiseas roghnúcháin.

Féadfar na tionscadail sin (ach amháin na tionscadail a coimisiúnaíodh nó atá le coimisiúnú faoi mhí an Mhárta 2022) a mheas lena gcuimsiú sa chéad liosta eile de chuid an Aontais más rud é nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag na cúiseanna gan iad a chuimsiú i liosta reatha an Aontais.

Ní tionscadail leasa choitinn iad tionscadail den sórt sin, ach liostaítear iad ar chúiseanna trédhearcachta agus soiléireachta maille lena mbunuimhreacha tionscadail leasa choitinn in Iarscríbhinn VII(C) mar **"Tionscadail a meastar nach tionscadail leasa choitinn a thuilleadh iad".**

b) Ina theannta sin, le linn a bpróiseas cur chun feidhme, rinneadh codanna lárnacha de thionscadail/de bhraislí tionscadal leasa choitinn eile de roinnt tionscadal a áirítear i liostaí an Aontais a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1391/2013 agus Rialachán (AE) 2016/89.

Meastar nach tionscadail leasa choitinn neamhspleácha a thuilleadh iad tionscadail den sórt sin, ach liostaítear iad ar chúiseanna trédhearcachta agus soiléireachta maille lena mbunuimhreacha tionscadail leasa choitinn in Iarscríbhinn VII(C) mar **"Tionscadail atá anois ina gcodanna lárnacha de thionscadail eile leasa choitinn".**

B. **LIOSTA TIONSCADAL LEASA CHOITINN AN AONTAIS**

(1) **Conaire Tosaíochta - Eangach Amach ón gCósta sna Mara Thuaidh ("NSOG")**

Uimh.	Sainmhíniú
1.6	Idirnasc idir an Fhrainc agus Éire idir La Martyre (FR) agus an tOileán Mór nó Cnoc Rátha (IE) [ar a dtugtar "Celtic Interconnector" faoi láthair]
1.19	Mol amháin nó níos mó sa Mhuir Thuaidh ag a bhfuil idirnascairí le tíortha i dteorainn leis an Muir Thuaidh (an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ísiltír) [ar a dtugtar "North Sea Wind Power Hub" faoi láthair]
1.21	Stóráil le haer comhbhrúite Green Hydrogen Hub (DK)

(2) **Conaire Tosaíochta - Idirnaisc Leictreachais Thuaidh-Theas in Iarthar na hEorpa ("ITT Leictreachas an Iarthair")**

Uimh.	Sainmhíniú
2.4	Idirnasc idir Codrongianos (IT), Lucciana (an Chorsaic, FR) agus Suvereto (IT) [ar a dtugtar "SACOI 3" faoi láthair]
2.7	Idirnasc idir an Acatáin (FR) agus Tír na mBascach (ES) [ar a dtugtar "Biscay Gulf" faoi láthair]
2.9	Líne inmheánach idir Osterath agus Philippsburg (DE) chun an acmhainneacht ag na teorannacha thiar a mhéadú [ar a dtugtar "Ultranet" faoi láthair]
2.10	Líne inmheánach idir Brunsbüttel/Wilster agus Groβgartach/Bergrheinfeld-West (DE) chun an acmhainneacht ag na teorannacha thuaidh agus theas a mhéadú [ar a dtugtar "Suedlink" faoi láthair]
2.14	Idirnasc idir Thusis/Sils (CH) agus Verderio Inferiore (IT) [ar a dtugtar "Greenconnector" faoi láthair]
2.16	Braisle línte inmheánacha sa Phortaingéil, lena n-áirítear na tionscadail leasa choitinn seo a leanas: 2.16.1 Líne inmheánach idir Pedralva agus Sobrado (PT), a bhí ainmnithe tráth Pedralva agus Alfena (PT) 2.16.3 Líne inmheánach idir Vieira do Minho, Ribeira de Pena agus Feira (PT), a bhí ainmnithe tráth Frades B, Ribeira de Pena agus Feira (PT)
2.17	Idirnasc idir an Phortaingéil agus an Spáinn idir Beariz — Fontefría (ES), Fontefria (ES) — Ponte de Lima (PT) (Vila Fria/Viana do Castelo roimhe sin) agus Ponte de Lima — Vila Nova de Famalicão (PT) (Vila do Conde roimhe sin) (PT), lena n-áirítear fostáisiúin in Beariz (ES), Fontefría (ES) agus Ponte de Lima (PT)

2.18	Méadú ar acmhainn stórála leictreachais hidreaphumpála in Kaunertal, an Tioróil (AT)
2.23	Línte inmheánacha ag teorainn thuaidh na Beilge idir Zandvliet agus Lillo-Liefkenshoek (BE), agus idir Liefkenshoek agus Mercator, lena n-áirítear fostáisiún in Lillo (BE) [ar a dtugtar "BRABO II + III" faoi láthair]
2.27	2.27.1 Idirnasc idir Aragón (ES) agus Atlantic Pyrenees (FR) [ar a dtugtar "Pyrenean crossing 2" faoi láthair] 2.27.2 Idirnasc idir Navarra (ES) agus Landes (FR) [ar a dtugtar "Pyrenean crossing 1" faoi láthair]
2.28	2.28.2 Stóráil leictreachais hidreaphumpála Navaleo (ES) 2.28.5 Íonúchán – Stóráil Fuinnimh Hidrileictrigh Pumpála Velilla del Río Carrión (ES)
2.29	Stáisiún cumhachta hidrileictrí Béal Átha Gabhann (IE)
2.30	Stóráil leictreachais hidreaphumpála Riedl (DE)
2.31	Braisle línte inmheánacha sa Ghearmáin, lena n-áirítear na tionscadail leasa choitinn seo a leanas: 2.31.1 Líne inmheánach idir Emden-Thoir agus Osterath chun an acmhainneacht a mhéadú ón nGearmáin thuaidh go Dúiche na Réine 2.31.2 Línte inmheánacha ó Heide/West go Polsum chun an acmhainneacht a mhéadú ón nGearmáin Thuaidh go Ceantar Ruhr 2.31.3 Línte inmheánacha idir Wilhelmshaven agus Uentrop chun an acmhainneacht a mhéadú ón nGearmáin thuaidh go Ceantar Ruhr
2.32	Idirnasc idir Lonny (FR) agus Gramme (BE)
2.33	Idirnasc idir an tSicil (IT) agus nód na Túinéise (TU) [ar a dtugtar "ELMED" faoi láthair] (Uimh. 3.27 ar an gceathrú liosta tionscadal leasa choitinn)

(3) **Conair Tosaíochta - Idirnaisc leictreachais Thuaidh-Theas i Lár na hEorpa Thoir agus in Oirdheisceart na hEorpa ("ITT leictreachas an Oirthir")**

Uimh.	Sainmhíniú
3.1	Braisle idir an Ostair agus an Ghearmáin, lena n-áirítear na tionscadail leasa choitinn seo a leanas: 3.1.1 Idirnasc idir St. Peter (AT) agus Isar (DE) 3.1.2 Líne inmheánach idir St. Peter agus Tauern (AT) 3.1.4 Líne inmheánach idir Westtirol agus Zell-Ziller (AT)
3.10	Braisle idir Iosrael an Chipir agus an Ghréig [ar a dtugtar "EUROASIA Interconnector" faoi láthair], lena n-áirítear na tionscadail leasa choitinn seo a leanas: 3.10.1 Idirnasc idir Hadera (IL) agus Kofinou (CY) 3.10.2 Idirnasc idir Kofinou (CY) agus Korakia na Créite (EL)
3.11	Braisle línte inmheánacha sa tSeicia, lena n-áirítear na tionscadail leasa choitinn seo a leanas: 3.11.1 Líne inmheánach idir Vernerov agus Vitkov (CZ) 3.11.2 Líne inmheánach idir Vitkov agus Prestice (CZ) 3.11.3 Líne inmheánach idir Prestice agus Kocin (CZ)

	3.11.4 Líne inmheánach idir Kocin agus Mirovka (CZ)
3.12	Líne inmheánach sa Ghearmáin idir Wolmirstedt agus Isarto chun acmhainn tarchurtha inmheánaigh Thuaidh-Theas a mhéadú [ar a dtugtar SuedOstLink faoi láthair]
3.14	Treisiú inmheánach sa Pholainn [cuid den bhraisle ar a dtugtar "GerPol Power Bridge" faoi láthair], lena n-áirítear na tionscadail leasa choitinn seo a leanas: 3.14.2 Líne inmheánach idir Krajnik agus Baczyna (PL) 3.14.3 Líne inmheánach idir Mikułowa agus Świebodzice (PL) 3.14.4 Líne inmheánach idir Baczyna agus Plewiska (PL)
3.22	Braisle idir an Rómáin agus an tSeirbia [ar a dtugtar "Mid Continental East Corridor" faoi láthair] lena n-áirítear na tionscadail leasa choitinn seo a leanas: 3.22.1 Idirnasc idir Resita (RO) agus Pancevo (RS) 3.22.2 Líne inmheánach idir Portile de Fier agus Resita (RO) 3.22.3 Líne inmheánach idir Resita agus Timisoara/Sacalaz (RO) 3.22.4 Líne inmheánach idir Arad agus Timisoara/Sacalaz (RO)
3.24	Stóráil leictreachais hidreaphumpála in Amfilochia (EL)
3.28	Líne inmheánach laistigh den Ostair idir Lienz agus Obersielach

(4) **Conair Thosaíochta - Plean Idirnaisc don Mhargadh Baltach Fuinnimh ("Leictreachas PLMBF")**

Uimh.	Sainmhíniú
4.4	4.4.2 Líne inmheánach idir Ekhyddan agus Nybro/Hemsjö (SE)
4.5	4.5.2 Líne inmheánach idir Stanisławów agus Ostrołęka (PL)
4.6	Stóráil leictreachais hidreaphumpála san Eastóin
4.8	Comhtháthú agus sioncronú chóras leictreachais na Stát Baltach leis na gréasáin Eorpacha, lena n-áirítear na tionscadail leasa choitinn seo a leanas: 4.8.1 Idirnasc idir Tartu (EE) agus Valmiera (LV) 4.8.2 Líne inmheánach idir Balti agus Tartu (EE) 4.8.3 Idirnasc idir Tsirguliina (EE) agus Valmiera (LV) 4.8.4 Líne inmheánach idir Viru agus Tsirguliina (EE) 4.8.7 Líne inmheánach idir Paide agus Sindi (EE) 4.8.8 Líne inmheánach idir Vilnias agus an Neris (LT) 4.8.9 Gnéithe breise bonneagair a bhaineann le cur chun feidhme shioncronú chóras na Stát Baltach le líonra mhór-roinn na hEorpa 4.8.10 Idirnasc idir an Liotuáin agus an Pholainn [ar a dtugtar "Harmony Link" faoi láthair] 4.8.13 Fostáisiún nua 330kV Mūša (LT)

	4.8.14 Líne inmheánach idir Bitenai agus KHAE (LT) 4.8.15 Fostáisiún nua 330kV Darbėnai (LT) 4.8.16 Líne inmheánach idir Darbenai agus Bitenai (LT) 4.8.18 Líne inmheánach idir Dunowo agus Żydowo Kierzkowo (PL) 4.8.19 Líne inmheánach idir Piła Krzewina agus Żydowo Kierzkowo (PL) 4.8.20 Líne inmheánach idir Krajnik agus Morzyczyn (PL) 4.8.21 Líne inmheánach idir Morzyczyn-Dunowo-Słupsk-Żarnowiec (PL) 4.8.22 Líne inmheánach idir Żarnowiec-Gdańsk/Gdańsk Przyjaźń-Gdańsk Błonia (PL) 4.8.23 Comhdhlúthadáin shioncronacha lena soláthraítear an táimhe, cobhsaíocht voltais, cobhsaíocht minicíochta agus cumhacht ghearrchiorcaid sa Liotuáin, sa Laitvia agus san Eastóin
4.10	Braisle idir an Fhionlainn agus an tSualainn [ar a dtugtar "Third interconnection Finland – Sweden" faoi láthair], lena n-áirítear na tionscadail leasa choitinn seo a leanas: 4.10.1 Idirnasc idir an Fhionlainn thuaidh agus an tSualainn thuaidh 4.10.2 Líne inmheánach idir Keminmaa agus an Pyhänselkä (FI)
4.11	Idirnasc idir an Laitvia agus an tSualainn bealach Ghotland [ar a dtugtar "LaSGo Link" faoi láthair]

(5) **Conair Thosaíochta - Idirnaisc Gháis Thuaidh-Theas in Iarthar na hEorpa ("ITT Gáis an Iarthair")**

Uimh.	Sainmhíniú
5.19	Málta a nascadh le líonra gáis na hEorpa — idirnasc píblíne leis an Iodáil ag Gela

(6) **Conair Thosaíochta - Idirnaisc Gháis Thuaidh-Theas i Lár na hEorpa Thoir agus in Oirdheisceart na hEorpa ("ITT Gáis an Oirthir")**

Uimh.	Sainmhíniú
6.2	6.2.13 Acmhainn tarchurtha an idirnascaire idir an tSlóvaic agus an Ungáir a fhorbairt agus a fheabhsú
6.8	Braisle forbartha agus feabhsaithe bonneagair lena gcumasaítear Mol Gáis na mBalcán, lena n-áirítear na tionscadail leasa choitinn seo a leanas: 6.8.1 Idirnasc idir an Ghréig agus an Bhulgáir [ar a dtugtar "IGB" faoi láthair] idir Komotini (EL) agus Stara Zagora (BG) agus stáisiún chomhbhrú ag Kipi (EL) 6.8.2 Athshlánú, nuachóiriú agus leathnú chóras tarchurtha na Bulgáire 6.8.3 Idirnasc gáis idir an Bhulgáir agus an tSeirbia [ar a dtugtar "IBS" faoi láthair]
6.20	Braisle méadaithe acmhainne stórála in Oirdheisceart na hEorpa, lena n-áirítear ceann amháin nó níos mó de na tionscadail leasa choitinn seo a leanas: 6.20.2 Méadú ar stóráil gáis faoi thalamh Chiren (BG) 6.20.3 Saoráid stórála gáis faoi thalamh agus stáisiún méadraithe agus rialaithe Kavala Theas (EL) agus ceann amháin de na tionscadail leasa choitinn seo a leanas: 6.20.4 Stóras Depomures sa Rómáin 6.20.7 córas stórála gáis faoi thalamh Bilciuresti

6.24	Méadú ar an acmhainneacht idir an Rómáin agus an Ungáir (ar a dtugtar "ROHU/BRUA" faoi láthair) chun acmhainneacht dhéthreoch 4.4 bcm/a a chumasú, agus lena n-áirítear acmhainní nua ón Muir Dhubh: 6.24.4 ROHU/BRUA – an dara céim, lena n-áirítear: — Leathnú suas le 4.4 bcm/a ar acmhainn tarchurtha sa Rómáin ó Recas go Horia i dtreo na hUngáire agus leathnú ar na stáisiúin chomhbhrú in Podisor, Bibesti agus Jupa — Píblíne idir cladach na Mara Duibhe agus Podișor (RO) chun gás na Mara Duibhe a thabhairt siar — Sreabh chúltreo idir an Rómáin agus an Ungáir: Cuid na hUngáire, stáisiún comhbhrú dara céim ag Csanádpalota (HU)
6.26	6.26.1 Braisle idir an Chróit agus an tSlóivéin ag Rogatec, lena n-áirítear: — Idirnasc idir an Chróit agus an tSlóivéin (Lučko — Zabok - Rogatec) — Stáisiún comhbhrú Kidričevo, an dara céim den uasghrádú (SI) — Uasghrádú idirnasc Rogatec
6.27	GNL Gdansk (PL)

(7) **Conair Thosaíochta - Conair Gháis an Deiscirt ("CGD")**

Uimh.	Sainmhíniú
7.3	Bonneagar braisle tionscadal leasa choitinn chun gás nua a thabhairt ó thaiscí gáis na Meánmhara Thoir, lena n-áirítear: 7.3.1 Píblíne ó thaiscí gáis na Meánmhara Thoir go tír mór na Gréige bealach na Cipire agus na Créite [ar a dtugtar "EastMed Pipeline" faoi láthair], agus stáisiún méadraithe agus rialaithe ag Megalopoli agus na tionscadail leasa choitinn seo a leanas ag brath air: 7.3.3 Píblíne gháis amach ón gcósta lena nasctar an Ghréig agus an Iodáil [ar a dtugtar "Poseidon Pipeline" faoi láthair] 7.3.4 Acmhainní tarchurtha inmheánacha san Iodáil a threisiú, lena n-áirítear acmhainní tarchurtha inmheánacha Theas-Thuaidh [ar a dtugtar "Adriatica Line" faoi láthair] a threisiú agus acmhainní tarchurtha inmheánacha i réigiún Apulia [píblíne Matagiola - Massafra] a threisiú
7.5	Bonneagar gáis a fhorbairt sa Chipir [ar a dtugtar "Cyprus Gas2EU" faoi láthair]

(8) **Conair Thosaíochta - Plean Idirnaisc don Mhargadh Baltach Fuinnimh sa Ghás ("Gás PIMBF")**

Uimh.	Sainmhíniú
8.2	Uasghrádú ar bhonneagar braisle i réigiún Mhuir Bhailt Thoir, lena n-airítear na tionscadail leasa choitinn seo a leanas: 8.2.1 An t-idirnasc idir an Laitvia agus an Liotuáin a fheabhsú 8.2.4 Stóráil Gáis Faoi ThalamhInčukalns (LV) a fheabhsú
8.3	Bonneagar braisle, lena n-áirítear na tionscadail leasa choitinn seo a leanas [ar a dtugtar "Baltic Pipe" faoi láthair]: 8.3.1 Idirnasc idir Nybro agus an Pholainn/an Danmhairg a threisiú 8.3.2 Idirnasc idir an Pholainn agus an Danmhairg

(9) **Conair Thosaíochta - Naisc Soláthair Ola i Lár na hEorpa Thoir ("OSC")**

Níor cuireadh isteach aon tionscadal ola le haghaidh liosta na dTionscadal Leasa Choitinn.

(10) **Réimse Téamach Tosaíochta - Imscaradh Eangach Cliste**

Uimh.	Sainmhíniú
10.4	Déanann ACON (CZ, SK) (Again COnnected Networks) comhtháthú mhargaí leictreachais Phoblacht na Seice agus na Slóvaice a chothú trí éifeachtúlacht na ngréasán dáileacháin a fheabhsú de réir mar a mhéadaíonn sé acmhainneacht trasteorann ar leibhéal OCD.
10.7	Déanann Danube InGrid (HU, SK) comhordú trasteorann bhainistiú an ghréasáin leictreachais a fheabhsú trí bhéim a leagan ar bhailiú agus ar mhalartú sonraí a chur chun clisteachta
10.10	Déanann CARMEN (HU, RO) feabhas a chur ar éifeachtúlacht oibriúcháin an ghréasáin dáileacháin agus ar cháilíocht seirbhíse agus déanann sé sreafaí leictreachais slána ó ghiniúint nua in-athnuaite a chumasú.
10.11	Cuireann Gabreta (CZ, DE) le barrfheabhsú an chórais trí fhaisnéis a aisghabháil agus a mhalartú i bhfíor-am, trí fheabhas a chur ar mhéadrú agus monatóireacht a dhéantar ar an eangach agus tríd an tsolúbthacht agus an acmhainn óstála breise le haghaidh giniúint in-athnuaite.
10.12	Baintear an leas is fearr is féidir as an mbonneagar atá ann cheana de thairbhe Green Switch (AT, HR, SI) agus déanann sé teicneolaíochtaí nua a chomhtháthú go héifeachtúil chun acmhainn óstála a mhéadú, chun ualaí nua a chomhtháthú go héifeachtúil agus chun cáilíocht agus slándáil an tsoláthair a fheabhsú.

(11) **Réimse Téamach Tosaíochta - Mórbhealaí Leictreachais**

Ní dhearnadh aon tionscadal a dhélipéadú mar mhórbhealaí leictreachais ar Tionscadail Leasa Choitinn iad.

(12) **Réimse Téamach Tosaíochta - Gréasán dé-ocsaíde carbóin trasteorann**

Uimh.	Sainmhíniú
12.3	Is é is aidhm do CO_2 TransPorts bonneagar a bhunú lena n-éascófar CO_2 a ghabháil, a iompar agus a stóráil ar mhórscála ó Rotterdam, Antuairp agus Calafort na Mara Thuaidh
12.4	Northern lights project – tionscadal tráchtála nasctha iompair trasteorann CO_2 idir roinnt tionscnaimh gabhála Eorpacha (an Ríocht Aontaithe, Éire, an Bheilg, an Ísiltír, an Fhrainc, an tSualainn) agus an CO_2 gafa a iompar i long go suíomh stórála ar scairbh ilchríochach na hIorua
12.5	Is é atá á thairiscint i dtionscadal Athos, bonneagar chun CO_2 a iompar ó limistéir thionsclaíocha san Ísiltír agus tá sé toilteanach ar CO_2 breise a fháil ó thíortha eile amhail Éire agus an Ghearmáin, chun struchtúr iompair ardleibhéil idir-inoibritheach atá inrochtana go hoscailte ar bhonn trasteorann a fhorbairt.
12.7	Aramis – tionscadal iompartha agus stóráilte CO_2 trasteorann (iontógáil ó astaírí i gcúlchríoch cheantar chuan Rotterdam agus stóráil go sroichtear suíomh ar scairbh ilchríochach na hÍsiltíre)
12.8	Dartagnan - MOL Ilmhódach onnmhairithe CO_2 ó Dunkirk agus a chúlchríoch (astaírí ón mbraisle thionsclaíoch i gceantar Dunkirk na Fraince agus stóráil i gcás inar féidir i gcríocha thíortha na Mara Thuaidh)
12.9	Idirnascaire CCS idir an Pholainn agus an tAontas (astaírí ón mbraisle thionsclaíoch sa cheantar thart ar Gdansk na Polainne agus stóráil i gcás inar féidir i gcríocha thíortha na Mara Thuaidh)

C. **LIOSTAÍ DE NA "TIONSCADAIL A MEASTAR NACH TIONSCADAIL LEASA CHOITINN A THUILLEADH IAD" AGUS DE NA "TIONSCADAIL ATÁ ANOIS INA gCODANNA LÁRNACHA DE THIONSCADAIL EILE LEASA CHOITINN"**

(1) **Conair Thosaíochta - Eangach Amach ón gCósta sna Mara Thuaidh ("NSOG")**

Uimhreacha Tionscadail Leasa Choitinn na dtionscadal a meastar nach Tionscadail Leasa Choitinn a thuilleadh iad
1.1.1

Uimhreacha Tionscadail Leasa Choitinn na dtionscadal a meastar nach Tionscadail Leasa Choitinn a thuilleadh iad
1.1.2
1.1.3
1.2
1.3.1
1.3.2
1.4.1
1.4.2
1.4.3
1.5
1.7.1
1.7.2
1.7.3
1.7.4
1.7.5
1.8
1.9.1
1.9.2
1.9.3
1.9.4
1.9.5
1.9.6
1.10.1
1.10.2
1.11.1
1.11.2
1.11.3
1.11.4
1.12.1
1.12.2
1.12.3
1.12.4

1.12.5
1.13
1.14
1.15
1.16
1.17
1.18
1.20

(2) **Conaire Thosaíochta - Idirnaisc Leictreachais Thuaidh-Theas in Iarthar na hEorpa ("ITT Leictreachais an Iarthair")**

Uimhreacha Tionscadail Leasa Choitinn na dtionscadal a meastar nach Tionscadail Leasa Choitinn a thuilleadh iad
2.1
2.2.1
2.2.2
2.2.3
2.3.1
2.3.2
2.5.1
2.5.2
2.6
2.8
2.11.1
2.11.2
2.11.3
2.12
2.13.1
2.13.2
2.14
2.15.1
2.15.2
2.15.3
2.15.4
2.16.2
2.19
2.20
2.21
2.22
2.24

2.25.1
2.25.2
2.26
2.28.3
2.28.4

Tionscadail atá anois ina gcodanna lárnacha de thionscadail eile leasa choitinn	
Bunuimhir tionscadail leasa choitinn an tionscadail	Uimhir tionscadail leasa choitinn ina bhfuil an tionscadal comhtháite anois
2.1	3.1.4

(3) **Conair Tosaíochta - Idirnaisc leictreachais Thuaidh-Theas i Lár na hEorpa Thoir agus in Oirdheisceart na hEorpa (“ITT leictreachais an Oirthir”)**

Uimhreacha Tionscadail Leasa Choitinn na dtionscadal a meastar nach Tionscadail Leasa Choitinn a thuilleadh iad
3.1.3
3.2.1
3.2.3
3.3
3.4
3.5.1
3.5.2
3.6.1
3.6.2
3.7
3.8
3.9
3.11.5
3.13
3.14.1
3.15.1
3.15.2
3.16
3.17
3.18.1
3.18.2
3.19.2
3.19.3
3.20.1
3.20.2

3.21
3.23
3.25
3.26

Tionscadail atá anois ina gcodanna lárnacha de thionscadail eile leasa choitinn	
Bunuimhir tionscadail leasa choitinn an tionscadail	Uimhir tionscadail leasa choitinn ina bhfuil an tionscadal comhtháite anois
3.27	2.33

(4) **Conair thosaíochta - Plean Idirnaisc don Mhargadh Baltach Fuinnimh ("Leictreachas PIMBF")**

Uimhreacha Tionscadail Leasa Choitinn na dtionscadal a meastar nach Tionscadail Leasa Choitinn a thuilleadh iad
4.1
4.2
4.4.1
4.5.1
4.5.3
4.5.4
4.5.5
4.7
4.8.6
4.8.11
4.8.12
4.8.17

Tionscadail atá anois ina gcodanna lárnacha de thionscadail eile leasa choitinn	
Bunuimhir tionscadail leasa choitinn an tionscadail	Uimhir tionscadail leasa choitinn ina bhfuil an tionscadal comhtháite anois
4.3	4.8.9
4.9	4.8.9

(5) **Conaire Tosaíochta - Idirnaisc Gháis Thuaidh-Theas in Iarthar na hEorpa ("ITT Gáis an Iarthair")**

Uimhreacha Tionscadail Leasa Choitinn na dtionscadal a meastar nach Tionscadail Leasa Choitinn a thuilleadh iad
5.1.1
5.1.2
5.1.3
5.2

5.3
5.4.1
5.4.2
5.5.1
5.5.2
5.6
5.7.1
5.7.2
5.9
5.12
5.13
5.14
5.15.1
5.15.2
5.15.3
5.15.4
5.15.5
5.16
5.17.1
5.17.2
5.18
5.20
5.21

Tionscadail atá anois ina gcodanna lárnacha de thionscadail eile leasa choitinn	
Bunuimhir tionscadail leasa choitinn an tionscadail	Uimhir tionscadail leasa choitinn ina bhfuil an tionscadal comhtháite anois
5.8.1	5.5.2
5.8.2	5.5.2

(6) **Conair Thosaíochta - Idirnaisc gháis Thuaidh-Theas i Lár na hEorpa Thoir agus in Oirdheisceart na hEorpa ("ITT Gáis an Oirthir")**

Uimhreacha Tionscadail Leasa Choitinn na dtionscadal a meastar nach Tionscadail Leasa Choitinn a thuilleadh iad
6.2.1
6.2.2
6.3
6.5.1
6.5.3
6.5.4

6.5.5
6.7
6.8.3
6.9.1
6.9.2
6.9.3
6.11
6.12
6.16
6.17
6.19
6.20.1
6.20.5
6.20.6
6.21
6.22.1
6.22.2
6.23
6.24.1
6.25.2

Tionscadail atá anois ina gcodanna lárnacha de thionscadail eile leasa choitinn	
Bunuimhir tionscadail leasa choitinn an tionscadail	Uimhir tionscadail leasa choitinn ina bhfuil an tionscadal comhtháite anois
6.1.1	6.2.10
6.1.2	6.2.11
6.1.3	6.2.11
6.1.4	6.2.11
6.1.5	6.2.11
6.1.6	6.2.11
6.1.7	6.2.11
6.1.8	6.2.2
6.1.9	6.2.11
6.1.10	6.2.2
6.1.11	6.2.2
6.1.12	6.2.12
6.2.3	6.2.2
6.2.4	6.2.2
6.2.5	6.2.2

6.2.6	6.2.2
6.2.7	6.2.2
6.2.8	6.2.2
6.2.9	6.2.2
6.5.2	6.5.6
6.6	6.26.1
6.8.4	6.25.4
6.13.1	6.24.4
6.13.2	6.24.4
6.13.3	6.24.4
6.14	6.24.1
6.15.1	6.24.10
6.15.2	6.24.10
6.18	7.3.4
6.24.2	6.24.1
6.24.3	6.24.1
6.24.5	6.24.4
6.24.6	6.24.4
6.24.7	6.24.4
6.24.8	6.24.4
6.24.9	6.24.4
6.25.3	6.24.10
6.26.2	6.26.1
6.26.3	6.26.1
6.26.4	6.26.1
6.26.5	6.26.1
6.26.6	6.26.1

(7) **Conair thosaíochta - Conair Gháis an Deiscirt ("CGD")**

Uimhreacha Tionscadail Leasa Choitinn na dtionscadal a meastar nach Tionscadail Leasa Choitinn a thuilleadh iad
7.1.1
7.1.2
7.1.3
7.1.5
7.1.7
7.2.1
7.2.2
7.2.3

7.4.1
7.4.2

Tionscadail atá anois ina gcodanna lárnacha de thionscadail eile leasa choitinn	
Bunuimhir tionscadail leasa choitinn an tionscadail	Uimhir tionscadail leasa choitinn ina bhfuil an tionscadal comhtháite anois
7.1.6	7.1.3
7.1.4	7.3.3
7.3.2	7.5

(8) **Conair Thosaíochta - Plean Idirnaisc don Mhargadh Baltach Fuinnimh sa ghás ("Gás PIMBF")**

Uimhreacha Tionscadail Leasa Choitinn na dtionscadal a meastar nach Tionscadail Leasa Choitinn a thuilleadh iad
8.1.2.1
8.1.2.2
8.1.2.3
8.1.2.4
8.2.3
8.4
8.5
8.6
8.8

(9) **Conair Thosaíochta - Naisc Soláthair Ola i Lár na hEorpa Thoir ("OSC")**

Uimhreacha Tionscadail Leasa Choitinn na dtionscadal a meastar nach Tionscadail Leasa Choitinn a thuilleadh iad
9.1
9.2
9.3
9.4
9.5
9.6

(10) **Réimse Téamach Tosaíochta - Imscaradh Eangach Cliste**

Uimhreacha Tionscadail Leasa Choitinn na dtionscadal a meastar nach Tionscadail Leasa Choitinn a thuilleadh iad
10.1
10.2
10.3
10.5

10.6
10.8
10.9

(11) **Réimse Téamach Tosaíochta - Mórbhealaí Leictreachais**

Uimhreacha Tionscadail Leasa Choitinn na dtionscadal a meastar nach Tionscadail Leasa Choitinn a thuilleadh iad
1.3
1.5
1.6
1.7
1.8
1.10
1.14
1.15
1.16
1.20
2.13

(12) **Réimse Téamach Tosaíochta - Gréasán dé-ocsaíde carbóin trasteorann**

Uimhreacha Tionscadail Leasa Choitinn na dtionscadal a meastar nach Tionscadail Leasa Choitinn a thuilleadh iad
12.1
12.2
12.6”